

Contae Dhún na nGall i 1916: Ón Imeall



Councillor Rogers moved the following Resolution
of which was received from the Chief D. S. Council

"That we beg to ask the County Council to forgo
25 per cent of the Tonnage as a war bonus to the
contractors who entered into contracts prior to 1914
Councillor Mr. Dwyer seconded. As an amendment
Councillor Lerry moved and Councillor Mr. Dwyer seconded
That the resolution be amended so as to apply to all
contracts. On a division the votes for the
amendment Councillors Mr. Dwyer (P), Mr. Dwyer (A),
Lerry, Mr. Dwyer and Mr. Dwyer (P) - 5, for the
Councillors Mr. Dwyer, Mr. Dwyer, Mr. Dwyer, Mr. Dwyer,
Mr. Dwyer (P) and Mr. Dwyer - 6.

To vote. The Chairman, who declared the motion
carried. Councillor Dwyer was not present at the division.



Pacáiste Oideachais Staire agus Oidhreachta
Chomhairle Contae Dhún na nGall

No. in Register	Date of Death	Cause of Death	Army Form B, 2184	Name
859	11 April 1916	Heart Disease		John Doherty
860	16 November 1914			John Gallagher
861				Rodger Sweeney
862				Daniel Sweeney
863				John Bradley
864				Patrick McElwaine
865				Martha Mooney
866				James Dineen
867				Mary Dineen

Not to take the place of the notice previously issued by Army Form B, 2184.

NOTICE

Information of the death of the following officers and non-commissioned officers of the British Army is hereby given:

TO ALL EX-NON-COMMISSIONED OFFICERS

BRANCH OF

MAJESTY'S FORCES.

AND EX-NON-COMMISSIONED OFFICERS

POBLACHT NA h EIREANN.

THE PROVISIONAL GOVERNMENT

OF THE

IRISH REPUBLIC

TO THE PEOPLE OF IRELAND.

IRISHMEN AND IRISHWOMEN: In the name of God and of the dead generations which she receives her old tradition of nationhood, Ireland, through us, summons

Clár Ábhair

Clár Ábhair

RÉAMHRÁ	3
Pacáiste Oideachais Chontae Dhún na nGall in 1916 - réamhrá	3
Contae Dhún na nGall in 1916 – Forbhreathnú gairid	4
 MÓRIMEACHTAÍ A RAIBH TIONCHAR ACU AR AN CHONTAE IN 1916	6
Contae Dhún na nGall agus Éirí Amach 1916	6
An Chéad Chogadh Domhanda in 1916	21
 AN SAOL I NDÚN NA NGALL IN 1916	27
Tírdhreach Tuaithe Dhún na nGall	27
Feirmeoireacht agus lascaireacht	29
Saol an Bhaile Mhóir	34
Páistí agus Saol na Scoile	37
Coláiste Uladh	40
Saol na mBan	42
An Bhochtaineacht agus Sláinte	45
Aimsir agus Aeráid Dhún na nGall	49
An raibh a fhios agat : Contae Dhún na nGall in 1916	50
Daoine i nDún na nGall in 1916: Beathaisnéisí Roghnaithe	52
 AG DÉILEÁIL LE DOICIMÉID	55
 TAGAIRTÍ / NÓTAÍ BUÍOCHAIS	56

No. in Register	Date of Death	Cause of Death	Army Form B, 2184	Name
859	11 April 1916	Heart Disease		John Doherty
861	16 November 1914			Harry Gallagher
862				Rodger Sweeney
863				James Doherty
864				John Doherty
865				Daniel Sweeney
866				John Bradley
867				Patrick McEwen
868				James Mooney
869				James Doherty
870				James Doherty

NOTICE
Inflation of the lungs
Paralysis
Heart Disease
Cough
BRANCH OF
MAJESTY'S FORCES.

AND EX-NON-COMMISSIONED OFFICERS
POBLACHT NA H EIREANN.
THE PROVISIONAL GOVERNMENT
OF THE
IRISH REPUBLIC
TO THE PEOPLE OF IRELAND.

IRISHMEN AND IRISHWOMEN: In the name of God and of the dead generation which she receives her old tradition of nationhood, Ireland, through us, summons

RÉAMHRÁ



Halla na Saoirse, Baile Átha Cliath, i ndiaidh Éirí Amach 1916
(Cartlann Contae Dhún na nGall)


Contae Dhún na nGall in 1916 – Pacáiste Staire agus Oideachais: Réamhrá

An Pacáiste Oideachais - Leabhrán

Is é cuspóir an leabhráin seo forléargas a thabhairt ar an tsaoil i gcontae Dhún na nGall agus ar na mórimeachtaí a raibh tionchar acu ar mhuintir an chontae sa bhliain 1916, bliain bharrthábhachtach i stair nua-aimseartha na hÉireann. Tá ceithre rannán sa leabhrán seo a dhíríonn don chuid is mó ar imeachtaí an Éirí Amach ó dhearcadh Chontae Dhún na nGall. Tá cur síos ann fosta ar shaol ghnáthmhuintir an chontae agus éifeacht an Chéad Chogaidh Dhomhanda in 1916.

An Pacáiste Oideachais- Facsamhlacha

Sa Phacáiste Oideachais seo tá 19 bhfacsamhail – cóipeanna ardchaighdeáin de bhundoiciméid agus de bhunghrianghraif a bhaineann leis na rannáin sa leabhrán. Ag cúl gach facsamhla tá ceisteanna a mholtar. Iarrtar ar mhúinteoirí agus ar dhaltaí rannán/téama a roghnú le léamh, agus ansin staidéar a dhéanamh ar na facsamhlacha a bhaineann leis an téama roghnaithe. Le heolas cúlra a fháil ar mhórimeachtaí 1916 agus a n-iarimhairtí iarrtar fosta ar mhúinteoirí agus ar dhaltaí an pacáiste staidéir don doiciméad a léamh a sholáthair Cartlann Chontae Dhún na nGall dar teideal 'Deich mBliana d'Athrú : Dún na nGall agus Éire 1912 - 1923.'



Léarscáil ag léiriú ceantair tuaithe Chontae Dhún na nGall
(Cartlann Contae Dhún na nGall)

Contae Dhún na nGall in 1916 – Forléargas Gairid

Is mór an difear idir Contae Dhún na nGall sa dara deich mbliana den 20ú céad agus Dún na nGall sa lá atá inniu ann. De réir Dhaonáireamh 1911 bhí daonra 165,532 ag Contae Dhún na nGall, agus 50% acu sin ina gcónaí i dtithe dhá sheomra ach mar gheall ar obair na n-údarás áitiúil agus Bhord na gCeantar Cúng bhí feabhas ag teacht ar an chaighdeán maireachtála. Mar chuid de na feabhsúcháin, cuireadh tús le tithíocht shóisialta, rinneadh forbairt de réir a chéile ar sholáthair uisce glan agus ar chórais séarachais, rinneadh bóithre agus iarnróid, forbraíodh tionscail bhaile, agus rinneadh iarrachtaí cur le cosc ar ghalar agus le rochtain ar oideachas. Nuair a tugadh isteach an Pinsean Seanaoise in 1908 agus Árachas Náisiúnta Dífhostaíochta chuaigh sin chun sochair do mhórán de na daoine ba bhoichte sa tsochaí.

Mar sin féin, le taobh chaighdeán an lae inniu, bhí an contae in 1916 go fóill bocht agus iargúlta, gan aige ach bunseirbhísí neamhfhorbartha. Fá 1916, bhí an Chéad Chogadh Domhanda ar siúl le beagnach 18 mí agus bhí moill i ndiaidh teacht ar ghnáthsheirbhísí stáit nó bhí deireadh leo cionn is go rabhtas ag díriú acmhainní airgid agus daonna le cuidiú a thabhairt sa chogadh.



Príomhshráid Leitir Ceanainn, c.1900
(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)

I gcúrsaí polaitíochta níor toghadh ach iarrthóirí ar son Rialtais Dúchais ina dTeachtaí Parlaiminte i gContae Dhún na nGall ó 1885. I dtoghcháin áitiúla 1911, b'iarrthóirí ar son rialtais dúchais a bhain 26 de na 32 suíochán. Chuir aontachtaithe ar fud na hÉireann, agus go háirithe i gcuid mhór de Chúige Uladh in éadan an Tríú Bille Rialtas Dúchais. De bharr an fhreasúra sin bunaíodh Óglaigh Uladh rud ba chúis le bunú an ghrúpa náisiúnaigh Óglaigh na hÉireann in 1913. Bhí baint ag beirt iascairí, Pádraig Mag Fhionnlaoich agus Séarlas Ó Dúgáin as Gabhla, Contae Dhún na nGall, le smuigleáil arm agus armlóin d'Óglaigh na hÉireann, i mBinn Éadair, tuaisceart Bhaile Átha Cliath, ar an Asgard i mí Iúil.

Ritheadh an Bille Rialtas Dúchais tríd an tríú léamh i mí na Bealtaine 1914 (agus alt speisialta sealadach ann do Chúige Uladh) ach de bharr thús an chogaidh i mí Lúnasa cuireadh siar é. Ó tharla nach raibh náisiúnaithe ar aon intinn fán chogadh, tháinig scoilt i ngluaiseacht na nÓglach. Shocraigh a bhformhór ar thaobhú le Seán Réamann agus a chuid Óglach Náisiúnta agus tacú leis an chogadh san Eoraip, agus choinnigh an chuid eile an t-ainm Óglaigh na hÉireann agus rún daingean acu neamhspleáchas a bhaint d'Éirinn. Tháinig méadú ar líon na nÓglach ina lán áiteanna i gContae Dhún na nGall i rith 1914. Ach ó tharla scoilt san eagraíocht agus feachtas earcaíochta níos déine ag Arm na Breataine, bhí titim ghasta i líon na mball san eagraíocht in 1915. Níor tháinig méadú ar líon na mball in Óglaigh na hÉireann go dtí an tréimhse i ndiaidh Éirí Amach na Cásca in 1916.

MÓRIMEACHTAÍ A RAIBH TIONCHAR ACU AR AN CHONTAE IN 1916



Sráid Anraí, Baile Átha Cliath, i ndiaidh Éirí Amach 1916
(Cartlann Contae Dhún na nGall)

Contae Dhún na nGall agus Éirí Amach 1916

Imeachtaí roimh an Éirí Amach

Ba lú i bhfad an méid a bhí in Óglaigh na hÉireann ná a bhí in Óglaigh Sheáin Réamainn agus níor ghlac siad páirt sa Chéad Chogadh Domhanda. Bhí go leor acu sin ar na hÓglaigh ba mhíleata agus ina measc bhí roinnt ball de Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann (BPÉ). B'oidhrí iad BPÉ ar náisiúnaithe na láimhe láidre arbh é a móréacht deireanach éirí amach in 1867 nach raibh rath leis. Bhí baill de BPÉ i ndiaidh síothlú isteach in Óglaigh na hÉireann. Fá 1916 bhí roinnt mhaith ball de BPÉ ar Ardchomhairle Óglaigh na hÉireann.



Eoin Mac Néill
(Le caoinchead ó Chartlann an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath)

Bhí tuairim dhaingean in BPÉ gurbh í 'caill na Sasana faill na hÉireann' agus rinneadh pleananna le héirí amach a dhéanamh. Cuireadh Comhairle Mhíleata ar bun ar a raibh Pádraig Mac Piarais, Seosamh Pluincéad, Éamonn Ceannt, Tomás Ó Cléirigh, Seán Mac Diarmada, Tomás Mac Donncha agus Séamas Ó Conghaile. Is don tseachtar sin a bhí sé i ndán bheith ina gceannairí ar Éirí Amach na Cásca agus ba iadsan an 'seachtar sínitheoirí' a shínigh Forógra na Poblachta. Bhí Ó Conghaile ina shóisialach agus eisean a bhí i gceannas Arm Cathartha na hÉireann.

Thug BPÉ orduithe go mbeadh slógadh D'Óglaigh na hÉireann ann Domhnach Cásca 1916. Mar gheall ar thaisme i ndiaidh taisme cuireadh isteach go tubaisteach ar na pleananna d'éirí amach náisiúnta. I dtús báire, bhí formhór mór Óglaigh na hÉireann freagrach dá gceannaire Eoin Mac Néill agus ní do BPÉ. Ní fhacthas dósan seans ar

bith go n-éireodh le héirí amach agus dhiúltaigh sé ligint do bhaill na heagraíochta a bheith sáite i ngníomhartha a bheadh ina gcúis le doirteadh fola nach raibh riachtanach. Nuair a thuig sé go rabhtas ag pleanáil d'Éirí Amach Domhnach Cásca d'éisigh sé ordú go gasta ag cur gníomhaíochtaí uilig na nÓglach ar ceal.

Níor nocht an t-arm a raibh Mac Piarais agus na daoine eile ag dúil leis. Chomh maith leis sin, níor tháinig na hairm a raibh siad ag dréim leo ón Ghearmáin. Amach ó chósta Chiarraí d'idircheap longa cogaidh de chuid na Breataine an Aud, an long ar a raibh na hairm. In áit ligint do na Breatanaigh seilbh a fháil ar an lasta chuir an caiftín an long go tóin poill. Bhí páirt ag Ruairí Mac Easmainn san eachtra agus gabhadh é nuair a tháinig sé i dtír. Cuireadh chun báis é as tréas a dhéanamh i mí Lúnasa 1916.

An tÉirí Amach i mBaile Átha Cliath



Seosamh Mac Suibhne agus é anonn in aois
Le caoinchead ó Chartlann Phroibhinsial na
gCaipisíneach Éireannach)

D'ainneoin na dtubaistí sin bhrúigh na ceannairí ar aghaidh lena gcuid pleananna agus Dé Luain 24 Aibreán 1916, léigh Pádraig Mac Piarais Forógra na Poblachta do ghrúpa de lucht féachana taobh amuigh d'Ard-Oifig an Phoist (AOP) i mBaile Átha Cliath. D'fhág an mearbhall faoi shlóghadh gur i mBaile Átha Cliath is mó a tharla an tÉirí Amach.

I measc na ndaoine in Ard-Oifig an Phoist leis an Phiarsach bhí Seosamh Mac Suibhne, as Ailt an Chorráin, Contae Dhún na nGall (1897 - 1980).

San am sin bhí Mac Suibhne 19 mbliana agus é ina mhac léinn i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath. Roimhe sin bhí sé ina dhalta ag an Phiarsach i Scoil Éanna i Ráth Fearnáin agus bhí sé ina chónaí ansin ar fad in 1916, agus é ina theachtair agus ina dhéantóir pléascán. Ina chuntas ar an méid a rinne sé le linn Sheachtain na Cásca a scríobhadh ina dhiaidh sin ina iarratas ar phinsean míleata, deir sé go raibh sé páirteach i gComplacht E, 4ú Cathlán, Briogáid Átha Cliath, agus gurbh iad an

Piarsach agus Liam Ó Cléirigh a nOifigh i gCeannas. Ina ghearrchuntas ar imeachtaí na seachtaine sin tá a ráiteas go raibh sé "gníomhach i rith na seachtaine uilig in AOP agus i Sráid an Mhúraigh, agus é don chuid is mó ag naoscaireacht bunús an ama . . ." Thacaigh roinnt finnétithe leis an méid a deir sé, agus deir duine acu fosta go raibh sé, "ina óglach gníomhach agus é páirteach i ndéanamh armlóin i gColáiste Éanna roimh Sheachtain na Cásca" (Cnuasach Pinsin na Cartlainne Míleata). Bhí sé ar na daoine a d'iompair sínteán Shéamais Uí Chonghaile ó Ard-Oifig an Phoist i ndiaidh do na reibiliúnaigh géilleadh (*Dictionary of Irish Biography*).

Bhí sé i ndán do Sheosamh Mac Suibhne bheith ar an TD ab óige sa chéad Dáil in 1919, troid i gCogadh na Saoirse, tacú leis an Chonradh Angla-Éireannach agus bheith ina Cheann Foirne in Arm na hÉireann in 1929.

Bhí beirt mhac léinn eile de chuid Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath a raibh ceangal acu le Dún na nGall in Ard-Oifig an Phoist le linn Sheachtain na Cásca. Ba iad sin Conchúr agus Adhamhnán Mac Fhionnlaoich, mic le Cú Uladh (Peadar Toner Mac Fhionnlaoich) agus col ceathracha leis an Dr. J.P. Mag Fhionnlaoich, Leitir



Óstán Mhic Shuibhne, Ailt an Chorráin, roimhe sin teach cónaithe chlann Mhic Shuibhne, c.1905 (Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)



Conchúr agus Adhamhnán Mac Fhionnlaoich lena máthair Eilís. (Baillúchán Mhúsaem Chontae Dhún na nGall)

Ceanainn. In 1916, bhí Conchúr Mac Fhionnlaoich (1897 – 1975) 19 mbliana d'aois agus é ina iardhalta de chuid Naomh Éanna. Bhí sé ag déanamh taighde ar an ailtireacht. Nuair a ghéill an Piasach, bhí Mac Suibhne agus na deartháireacha Mac Fhionnlaoich i measc na ndaoine a gabhadh agus a cuireadh i bpríosún. Coinníodh Conchúr i bpríosún Dartmoor agus i bpríosún Lewes sular ligeadh saor é in Aibreán 1917. Ba é Adhamhnán an duine ab óige de bhuachaillí Scoil Éanna, é 16 bliana. I mbeairic Richmond, i ndiaidh an ghéillte, dhiúltaigh sé a aois cheart a insint do na húdaráis mhíleata, rud a chiallódh go ligfí saor ar an bhomaite é, mar gur shíl sé go mb'fhéidir go scaoilfí marbh a chomrádaithe as Naomh Éanna, agus bhí rún aige glacadh leis an chinniúint chéanna. Coinníodh i bPríosún Stafford é sular ligeadh saor é i Mí Iúil 1916.


Le linn Sheachtain na Cásca ghlac na reibiliúnaigh seilbh ar phríomhghoirgnimh i mBaile Átha Cliath, ina measc Ard-Oifig an Phoist, na Ceithre Chúirt, Aontas Átha Cliath Theas, Muileann Uí Bheolláin, Faiche Stiabhna agus Monarcha Briosaí Jacob, ach rud a bhí ríthábhachtach ní dheachthas i seilbh Chaisleán Bhaile Átha Cliath. An Mháirt sin, fógraíodh dlí airm, agus tháinig 16,000 saighdiúir de chuid na Breataine as Béal Feirste, as an Churrach agus as Sasain. Baineadh



Piléar Nelson, Baile Átha Cliath, le linn Éirí Amach 1916
(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)



Hibernian Bank, Baile Átha Cliath, le linn Éirí Amach 1916 (Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)



úsáid as tancanna agus an Helga, bád gunna cabhlaigh i lár na cathrach, leis an éirí amach a chur faoi chois.

Le linn na seachtaine, de réir mar a bhí dlí agus ord ag titim as a chéile, bhí creachadóireacht forleathan. Bhí gnáthshibhialtaigh i bhfostú sa chros lámhach. Maraíodh 485 idir fhir, mhná agus pháistí le linn Éirí Amach na Cásca nó mar thoradh díreach air. I measc na ndaoine sin, maraíodh 184 sibhialtach, 107 saighdiúir Breatanach, 58 reibiliúnach agus 13 bhall de na fórsaí póilíneachta idir 24 agus 29 Aibreán 1916. (Glasnevin Trust, 1916 *Necrology* 485). I measc na marbh bhí an Saighdiúir Singil Con Ó Dúgáin as Anagaire, 3ú Cathlán Royal Irish Rifles, a maraíodh i mBaile Átha Cliath ar 29 Aibreán.

Fán tSatharn, 28 Aibreán, nuair a shocraigh an Píarsach ar ghéilleadh, bhí Ard-Oifig an Phoist agus cuid mhaith d'fhoirgnimh eile i lár na cathrach ina smionagair go háirithe ar Shráid Uí Chonaill.

Imlitir ó J. B. Skeffington go Comhairle Baile Bhun Cranncha agus gach údarás áitiúil in Éirinn, ag iarraidh chothrom na Féinne dá mhac Francis Sheehy-Skeffington, agus daoine eile a mharaigh saighdiúirí na Breataine go neamhdhleathach le linn Sheachtain na Cásca, 26 Lúnasa 1917 (Cartlann Contae Dhún na nGall).

Eachtraí taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath

I measc na bhfear as Dún na nGall a bhí gníomhach le linn an Éirí Amach taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath bhí Donncha Mac Niallghuis (1887 – 1954), as Málainn Bhig, Gleann Cholm Cille ó dhúchas. In 1916, bhí Mac Niallghuis ina chónaí i gCorcaigh agus é ag obair ann agus bhí sé ina bhall gníomhach d'Óglaigh na hÉireann ó 1913. Bhí sé i measc díorma mór d'Óglaigh de Chathlán Chathair Chorcaí a tháinig le chéile i Maigh Chromtha Domhnach Cásca agus iad ag dréim go dtiocfadh airm Mhic Easmainn i dtír i gContae Chiarraí. Theip ar Óglaigh Chorcaí slógadh, áfach, nuair nár éirigh le plean Mhic Easmainn, agus b'éigean dóibh pilleadh chun an bhaile gan beart ar bith a dhéanamh. Ina dhiaidh sin bhí baint ag Mac Niallghuis le Cogadh na Saoirse i gCorcaigh.



An Constábla Séarlas Mag Aoidh,
Constáblacht Ríoga na hÉireann
(Baillíúchán Mhúsaem Chontae Dhún na nGall)

Ar na chéad daoine a fuair bás Luan Cásca bhí fear óg as Inis Bó Finne, Séarlas Mag Aoidh, a bhí ina chonstábla i gConstáblacht Ríoga na hÉireann. Bhí sé lonnaithe i mBaile an Ghearlánaigh, Contae Lú. Luan Cásca shlóg grúpa d'Óglaigh Lú agus thug siad a n-aghaidh ar Bhaile Átha Cliath. I mBaile an Ghearlánaigh ghabh siad roinnt póilíní agus oifigeach airm. In eachtra lámhaigh a tharla leon Óglach an t-oifigeach agus mharaigh sé an Constábla Mag Aoidh.

I reilig Ghort an Choirce atá a uaigh agus is mar seo atá an inscríbhinn:

'R.I.P. Sacred to the memory of Constable Charles McGee who died on 24th April 1916 from wounds received whilst gallantly doing his duty as a member of the Royal Irish Constabulary — Erected by his sorrowing parents and by the subscribers of the Irish Police and Constabulary Recognition Fund'.

Dónall Ó Ceallaigh agus Óglaigh na hÉireann i nDún na nGall



Earnán de Blaghd
(Le caoinchead ó Chartlann an Choláiste Ollscoile,
Baile Átha Cliath)

Bhí Dónall Ó Ceallaigh ina bhall sinsearach de Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann. B'as Cúil na gCuiridín i nDún na nGall é. Bhí Ó Ceallaigh in BPÉ ó bhí sé go mall sna déaga. In 1916 bhí sé thar tríocha bliain d'aois. Bhí roinnt blianta caite aige ag obair ar na hiarnróid i nGlaschú, agus le linn dó bheith ansin, thug sé féin agus roinnt daoine eile iarraidh craobh de chuid Shinn Féin a bhunú. Nuair a phill sé ar Dhún na nGall in 1912, bhí sé lonnaithe i Stáisiún Iarnróid Bhóthar an Chlocháin Léith, agus ansin i gCaiseal na gCorr cóngarach do Ghort an Choirce.

Ó dheireadh 1913 d'eagraigh sé Complachtaí d'Óglaigh na hÉireann i gCloich Chionnaola agus ar an Chraoslach agus chaith sé seal ag iarraidh airm agus armlón a cheannach. Fá na míonna tosaigh de 1915 bhí sé socraithe ag an mhórchuid de na daoine a d'earcaigh sé go bhfanadh siad le hÓglaigh Náisiúnta Réamainn. Ó tharla an oiread sin meath ar líon na mball agus ar spiorad Óglaigh na hÉireann go luath in 1916, thug Ó Ceallaigh

cuireadh go Dún na nGall don Phiarsach ag dúil go spreagfadh sé iad chun gnímh. Tharla an tÉirí Amach é féin sula raibh faill ag an Phiarsach pilleadh ar an chontae. Thug Earnán de Blaghd (a bhí ina dhiaidh sin ina Aire Rialtais i gcéad rialtas an tSaorstáit) cuairt ar an Chraoslach agus ar Leitir Ceanainn i Mí Eanáir 1916, agus é ag iarraidh na hÓglaigh a eagrú ansin (gabhadh de Blaghd ina dhiaidh sin agus bhí sé i bpríosún le linn Sheachtain na Cásca).



Stáisiún Traenach, Caiseal na gCorr, c. 1950idí
(Chartlann Contae Dhún na nGall)

Dún na nGall le linn Dhomhnach na Cásca

Shroich an scéala Dún na nGall go raibh ordú tugtha ag Eoin Mac Néill gan slógadh Domhnach Cásca. Mar sin féin, bhí grúpa de thart fá 30 Óglach a raibh Dónall Ó Ceallaigh ina measc i ndiaidh teacht le chéile ar an Chraoslach Domhnach Cásca agus iad ag fanacht le horduithe. Nuair nach raibh scéala ar bith acu Luan Cásca, shocraigh Ó Ceallaigh agus a dheartháir Joe taisteal go Port an Dúnáin le dul ar bord traenach go Baile Átha Cliath. Ní raibh traenacha ar bith ar siúl, áfach, agus phill siad chun an bhaile.

I ndiaidh an Éirí Amach

Bhí rún daingean ag Rialtas na Breataine polasaí righin a ghlacadh in éadan na reibiliúnach. Sna seachtainí ina dhiaidh sin cuireadh sé dhuine dhéag de cheannairí an Éirí Amach chun báis, an seachtar



Éamon de Valera faoi gharda i ndiaidh dó géilleadh, Baile Átha Cliath, Aibreán 1916 (Le caoinhead ó Chartlann an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath)




Grúpa de phríosúnaigh Éireannacha i bpríosún Stafford, Sasain, 1916, ina measc Seosamh Mac Suibhne agus Adhamhnán Mac Fhionnlaoich (Le caoinchead ón Chartlann Mhíleata)

a shínigh an Forógra ina measc. I mí Lunasa crochadh Ruairí Mac Easmainn i Londain. Laghdaíodh pionós an bháis 97 eile go príosúnacht. Ina measc sin Éamonn de Valera agus an Chuntaois Markievicz. Gabhadh corradh le 3,500 duine ar fad; cuireadh beagnach 1,900 acu sin go campaí géibhinn agus príosúin i Sasain agus sa Bhreatain Bheag.

Cé gur cuireadh cúl ar a n-iarrachtaí a bheith páirteach san Éirí Amach, gabhadh cuid d'Óglaigh Dhún na nGall ag tarraingt ar dheireadh Sheachtain na Cásca. I ráiteas finné Uí Cheallaigh tá cur síos ar na heachtraí ina theach cónaí Satharn Sheachtain na Cásca, nuair a tháinig Constáblacht Ríoga na hÉireann lena ghabháil. Nuair a bhí na péas ag cuardach sa teach, bhí raidhfíl ag bean Uí Cheallaigh ina gúna oíche agus bhí Ó Ceallaigh ag coimhead fá chritheagla nuair a bhí na péas ag cuardach cófra ina raibh éadaí linbh chomh maith le 500 piléar gunnáin (rud nár mhothaigh na péas). Cuireann sé síos fosta ar a thuras fada le príosúnaigh eile, fríd Dhoire, go príosún Wakefield agus príosún Frongoch. Ligeadh Ó Ceallaigh saor ó Frongoch roimh Nollaig 1916. (Witness Ref. # 1004, Biúró na Staire Míleata 1913-1921, Bailiúchán na Cartlainne Míleata).

Rún lenar ghlac Comhairle Ceantair Tuaithe Dhún Fionnachaidh, ag éileamh go scaoilfí saor príosúnaigh mhíleata i ndiaidh Éirí Amach 1916, Meitheamh 1916

(Cartlann Contae Dhún na nGall.)




Cuireadh Seosamh Mac Suibhne agus Adhamhnán Mac Fhionnlaoich go príosún Stafford agus ansin go campa géibhinn Frongoch sa Bhreatain Bheag. Cuireadh Eoin Ó Caiside arbh as Bealach Féich é go Stafford. Ligeadh Mac Suibhne saor i Mí Iúil 1916 agus phill sé ar Dhún na nGall leis na hÓglaigh a atheagrú sa chontae. Cuireadh Conchúr Mac Fhionnlaoich go príosún Lewes agus príosún Dartmoor (i gcuideachta Éamonn de Valera) agus ligeadh saor é in Aibreán 1917.

Le linn dóibh bheith i bpríosún bhí faill ag na fir sin as Dún na nGall bualadh le daoine eile, a dtuairimí polaitiúla a phlé, eolas a fháil ar ealaín an chogaidh agus tosú ar BPÉ agus na hÓglaigh a atheagrú. Roghnaíodh Dónall Ó Ceallaigh le bheith i mbun an atheagraithe i nDún na nGall. I rith Chogadh na Saoirse, bhí Ó Ceallaigh gníomhach i mBealach Féich, i dTuaisceart Dhún na nGall agus i nDoire.

Dearcadh ar an Éirí Amach i nDún na nGall

Bhí Contae Dhún na nGall i bhfad bhfad ar shiúl ón troid i mBaile Átha Cliath i rith Sheachtain na Cásca. Léiríodh sin in eagrán na Céadaoine sin (26 Aibreán) den Derry Journal nach raibh de scéala ann ach go raibh “ráflaí ann faoi achrann” i mBaile Átha Cliath. Fán Aoine, ní raibh nuacht ar bith ag teacht go fóill agus rinne an páipéar gearán go raibh an easpa teileagram ina cúis le “tuairiscí scáfara áibhéileacha” ar an chlampar i mBaile Átha Cliath. Nuair a shroich scéala na n-eachtraí i mBaile Átha Cliath Dún na nGall ní raibh an pobal i bhfách leis an éirí amach. D’fhógair ionadaithe áitiúla go raibh siad ina éadan, agus cháin siad “an beart mire a rinne mionlach beag d’fhir a dtíre” (Derry Journal, 1 Bealtaine), agus dhearbhaigh daoine eile arís go mbeadh siad dílis do Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann agus do chúis an rialtais dúchais. I mí na Bealtaine, rith Comhairle Ceantair Tuaithe Inis Eoghain rún inar cháin siad an t-éirí amach agus an méid a fuair bás. Ag cruinniú de Bhord Bardachta Dhún na nGall ar 5 Bealtaine, chuir an Leas-Chathaoirleach Éadbhard Ó Máille in éadan rúin a cháin an tÉirí Amach. Seachtain ina dhiaidh sin ar 16 Bealtaine, léigh Bord Dhún na nGall litir, dar dáta 13 Bealtaine, ón Mháilleach á rá go raibh baill den phreas de réir cosúlachta den bharúil go raibh sé i bhfách “leis an chlampar a bhí ann ar na mallaibh i mBaile Átha Cliath agus in áiteanna eile sa tír”, agus mhaígh sé go ndúirt sé an méid a dúirt sé ag an chruinniú dheireanach “as maoil a chonláin.” Sna seachtainí go díreach i ndiaidh an Éirí Amach, is cosúil go raibh daoine feargach, fríd a chéile agus neamhchinnte fá na himeachtaí.

Ach nuair a gabhadh a oiread sin daoine, agus a cuireadh daoine chun báis agus a tugadh isteach dlí



Rún lenar ghlac Comhairle Ceantair Tuaithe Dhún na nGall, ag cáineadh dlí airm, 10 Meitheamh 1916 (Cartlann Contae Dhún na nGall.)

míleata i ndiaidh an Éirí Amach, ba ghairid gur tháinig athrach ar dhearcadh an phobail ar fud na hÉireann. I mBaile Dhún na nGall ar 10 Meitheamh, labhair Comhairle Ceantair Tuaithe Dhún na nGall in éadan an dlí mhíleata nach raibh deireadh leis “go háirid sa chontae seo nár motháíodh comhartha ar bith reibiliúnach ann.” Thosaigh borradh a theacht ar thacaíocht do na reibiliúnaigh agus dá gcúis. De réir mar a bhíodhas ag ligint fear amach as príosún go mall in 1916, cuireadh fáilte chroíúil rompu sa bhaile. Scríobh Seosamh Mac Suibhne ina dhiaidh sin “go raibh an chuma ar an scéal go raibh an pháirt a ghlac sé in Éirí Amach na Cásca 1916 ina cúis le hathrú sna daoine óga agus is orm a bhí an t-iontas agus is agam a bhí an tógáil croí le chomh forbháilteach a bhí daoine liom nuair a phill mé chun an bhaile i ndiaidh bheith i bpríosún i Sasain agus sa Bhreatain Bheag.” (Mac Suibhne, 1970).


Spreag an misneach úr sin iad chun gnímh agus thosaigh Mac Suibhne, Dónall Ó Ceallaigh agus daoine eile a atheagrú na nÓglach go dian dícheallach in 1917. Chuaigh ní ba mhó fear óg ná riamh isteach in Óglaigh na hÉireann a bhí ní ba radacaí. I Meán Fómhair 1916 scríobh Cigire Contae Chonstáblacht Ríoga na hÉireann fán ábhar imní a bhí air mar gheall ar an mhéadú ar líon na bhfear óg as Dún na nGall – fir nach raibh ábalta taisteal go hAlbain ná Sasain ar lorg oibre - a bhí ag dul isteach in eagraíochtaí náisiúnta:

“Tá na fir seo agus a dteaghlaigh i ndiaidh éirí gruama agus míshásta... scéal cinnte go dtiocfaidh siad le chéile, lena n-ábhair gearáin a phlé, le cumainn rúnda nó eile a bhunú. Cluinfidh antoisicigh go bhfuil siad míshásta agus is dócha go ndéanfaidh siad iarracht buntáiste a bhreith air sin.” (Tuarascáil Mhíosuil an Chigire Contae, Meán Fómhair 1916, NA, UK; Mac Suibhne, 2006, leath..179).

Bhí borradh ag teacht ar an ghluaiseacht ar son neamhspleáchais ón Ríocht Aontaithe.

Na Sínitheoirí

Seo a leanas na sínitheoirí (mar atá siad ar an Fhorógra) Tomás S. Ó Cléirigh, Seán Mac Diarmada, Tomás Mac Donncha, Pádraig Mac Piarais, Éamonn Ceannt, Séamas Ó Conghaile agus Seosamh Pluincéad.



(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)

Tomás S. Ó Cléirigh (1858 - 1916)

Rugadh Tomás S. Ó Cléirigh (Tom) ar Inis Iocht. Bhog an teaghlach chun na hAfraice Theas agus ina dhiaidh sin go Dún Geanainn, Contae Thír Eoghain. In 1882 chuaigh Ó Cléirigh ar imirce chun na Stát Aontaithe, áit a ndeachaigh sé isteach i gClann na nGael. In Aibreán na bliana ina dhiaidh sin, gabhadh i Londain é as pléascáin a bheith ina sheilbh aige. Gearradh pianseirbhís saoil air agus sa deireadh chaith sé cúig bliana déag sa phríosún. Nuair a scaoileadh saor é ar ‘ticket-of-leave’ in 1898, chuaigh sé chuig na Stáit Aontaithe arís. Phós sé Caitlín Ní Dhálaigh agus rugadh triúr mac di. Rinneadh saoránach de chuid na Stát Aontaithe de in 1905, ach phill an teaghlach ar Bhaile Átha Cliath dhá bhliain ina dhiaidh sin, áit ar bhunaigh siad dhá shiopa tobacadóra/ nuachtánaí. Bhí tionchar aige, sa chúlra, sna blianta roimh Éirí Amach 1916.

Le Donncha Mac Cú Uladh, Bulmer Hobson agus Seán Mac Diarmada, chuir sé beocht ar ais i mBráithreachas Phoblacht na hÉireann (BPÉ), agus bhí mór-ról aige i mbunú nuachtán na heagraíochta, *Irish Freedom*. Chuaigh sé isteach in Óglaigh na hÉireann nuair a bunaíodh iad agus bhí sé ar Ardchomhairle BPÉ. Go mall in 1915 comhthoghadh é ar a Chomhairle Mhíleata a bhí leis an Éirí Amach a phleanáil. D'oibrigh Ó Cléirigh amach an straitéis ghinearálta agus bhí Mac Diarmada freagrach as na mionsonraí. Ó Cléirigh an chéad duine a shínigh Forógra na Poblachta. D'fhan sé in Ard-Oifig an Phoist i rith an Éirí Amach le baill eile de chuid an Rialtais Shealadaigh. Bhí sé in éadan géilleadh ach chaill sé sa vótáil. Triaileadh Ó Cléirigh le cúirt airm agus cuireadh chun báis é os comhair scuad lamhaigh i bpríosún Chill Mhaighneann ar 3 Bealtaine 1916.



Forógra na Poblachta, á léamh ag Pádraig Mac Piarais ar chéimeana Ard-Oifig an Phoist, Baile Átha Cliath 24 Aibreán 1916.

Seán Mac Diarmada (1883 - 1916)



(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)

Rugadh Seán Mac Diarmada (John Joseph MacDermott) ar an Chorrán Mhór, Contae Liatroma. In 1905 chuaigh Mac Diarmada a chónaí i mBéal Feirste mar ar oibir sé mar stiurthóir tram agus ina dhiaidh sin mar fhear beáir. Chláraigh sé le Conradh na Gaeilge agus le hOrd Ársa na nIbeirneach. Cuireadh faoi mhóid Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann é agus bhí sé ina eagarthóir do Shinn Féin. In 1907, bhog sé go Baile Átha Cliath agus rinneadh eagraí lánaimseartha de ag BPÉ agus bhí sé ina bhainisteoir ar a pháipéar *Irish Freedom*. Shíothlaigh sé isteach i gcumann chultúrtha mar Chumann Lúthchleas Gael (CLG) agus Conradh na Gaeilge, agus é ag earcú ball do BPÉ, agus, nuair ab fhéidir é, fuair sé tofa iad mar oifigigh ar na coistí cuí. Nuair a bhris an Cogadh amach i Lúnasa 1914, chuir sé in éadan Éireannaigh dul isteach

in Arm na Breataine agus gearradh ceithre mhí príosúnachta air i bpríosún Mhuinseo faoin Acht um Chosaint na Ríochta. Nuair a ligeadh saor é, comhthoghadh é leis an Chléireach ar Chomhairle Mhíleata BPÉ. Bhí ról ceannais ag Mac Diarmada i bpleanáil Éirí Amach na Cásca. Le linn Sheachtain na Cásca throid sé in Ard-Oifig an Phoist. Triaileadh Mac Diarmada le cúirt airm agus cuireadh chun báis é os comhair scud lámhaigh i bpríosún Chill Mhaighneann ar 12 Bealtaine 1916.

Éamonn Ceannt (1881 - 1916)



(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)

Rugadh Éamonn Ceannt (Edward Thomas Kent) i mBéal Átha Mó, Contae na Gaillimhe. In 1892 bhog a theaghlach go Baile Átha Cliath. D'oibir Ceannt ina dhiaidh sin le Bardas Bhaile Átha Cliath. In 1899 chuaigh sé isteach in ardchraobh Chonradh na Gaeilge. D'éirigh se líofa sa Ghaeilge agus ghlac sé an leagan Gaeilge dá ainm. Theagasc Ceannt Gaeilge go páirtaimseartha ag craobhacha éagsúla de Chonradh na Gaeilge. I mí Feabhra 1900 chuidigh sé féin agus Éadbhard Ó Máirtín le bunú na bPíobairí Uilleann. Bhí baint ag Ceannt le ceardchumannú a chomhoibrithe i mBardas Bhaile Átha Cliath, agus sa deireadh rinneadh cathaoirleach de ar Chumann Oibrithe Bardasacha Bhaile Átha Cliath. In 1907 chuaigh sé isteach i Sinn Féin agus in 1912 cuireadh faoi mhóid BPÉ é. Nuair a bunaíodh Óglaigh na hÉireann i mí na Samhna, toghadh ar an choiste shealadach é agus bhí páirt aige i dtógáil airgid agus soláthar airm. Nuair

a tharraing na hÓglaigh Náisiúnta siar faoi Réamann, toghadh Ceannt, Mac Piarais agus Pluincéad ar phríomhphoist in Óglaigh na hÉireann. I Márta 1915, rinneadh ceannfort de Ceannt ar an 4ú Cathlán de Bhriogáid Átha Cliath agus ansin comhthoghadh é ar Chomhairle Mhíleata BPÉ. Ar Luan Cásca 1916, ghlac Ceannt agus 120 fear de chuid an 4ú Cathlán d'Óglaigh na hÉireann seilbh ar Aontas Bhaile Átha Cliath Theas, teach na mbocht in aice le Sráid San Séamas. Choinnigh siad cuid den ionad go dtí gur insíodh dóibh fán ghéilleadh ghinearálta an Domhnach ina dhiaidh sin. Triaileadh Ceannt le cúirt airm agus cuireadh chun báis é os comhair scud lámhaigh i bpríosún Chill Mhaighneann ar 8 Bealtaine 1916. Mhair a bhean chéile Áine Ní Bhraonáin agus a mhac Rónán.

Séamas Ó Conghaile (1868 - 1916)



(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)

I nDún Éideann a rugadh Séamas Ó Conghaile. Bhí an teaghlach beo bocht agus chuaigh Séamas ag obair nuair a bhí sé bliain déag d'aois. Nuair a bhí sé ceithre bliana déag chuaigh sé isteach in Arm na Breataine, agus é ar dualgas in Éirinn ar feadh seacht mbliana. Phill sé ar Dhún Éideann in 1890 agus thosaigh a ghlacadh páirt ghníomhach i bpolaitíocht shóisialach. Tháinig sé go Baile Átha Cliath in 1896 áit ar bhunaigh sé an Páirtí Sóisialach Poblachtach agus ar fhoilsigh sé *The Workers' Republic*. In 1904, bhog Ó Conghaile agus a theaghlach go Nua-Eabhrac áit a raibh sé gníomhach i gcomhlúadar náisiúnaithe agus sóisialaithe Éireannacha. Bhí sé ina chomhbhunaitheoir ar Oibrithe Tionsclaíocha an Domhain agus ina eagraí náisiúnta ar Pháirtí Sóisialach Mheiriceá. Phill Ó Conghaile ar Éirinn in 1910, agus d'oibir sé mar eagraí Bhéal Feirste ar Cheardchumann

Iompair agus Ilsaothair na hÉireann (CIIÉ). Ar philleadh dó ar Bhaile Átha Cliath, bhí sé ina leascheannasaí do Shéamas Ó Lorcáin le linn fhrithdhúnadh 1913. In 1914, ghlac Ó Conghaile áit Uí Lorcáin mar cheannasaí CIIÉ agus eagarthóir ar an *Irish Worker*. Rinneadh ceannfort de ar Arm Cathartha na hÉireann (ACÉ), a cuireadh ar bun le hoibrithe a chosaint le linn fhrithdhúnadh 1913. In Eanáir 1916, chomhaontaigh sé le ceannairí BPÉ ar chomh-éirí amach ina mbeadh Óglaigh na hÉireann agus ACÉ. Comhthoghadh é ar Chomhairle Mhíleata BPÉ agus le Mac Diarmada agus Pluincéad bhí ról ceannais aige sna hullmhúcháin don Éirí Amach. Eisean a bhí freagrach as an ghrúpa 200-250 fear de chuid ACÉ a chur ar fáil. Chuidigh Ó Conghaile le hábhar Fhorógra na Poblachta agus rinneadh leascheannaire de ar an Rialtas Shealadach. Le linn an Éirí Amach bhí Ó Conghaile lonnaithe in Ard-Oifig an Phoist. Mar cheannfort-ghinearál ar rannán Bhaile Átha Cliath d'arm Phoblacht na hÉireann, threoraigh sé oibríochtaí míleata. Déardaoine Sheachtain na Cásca, cneád go dona é ar a mhurnán taobh amuigh d'Ard-oifig an Phoist. I ndiaidh do na reibiliúnaigh géilleadh, triailleadh é le cúirt airm agus cuireadh chun báis é os comhair scud lámhaigh i bpríosún Chill Mhaighneann ar 12 Bealtaine 1916. Mhair a bhean chéile Lílí Nic Ránaill agus a chuid páistí, a mhac Ruairí san áireamh, mac a throid ina chuideachta in Ard-Oifig an Phoist.

Pádraig H. Mac Piarais (1879 – 1916)



(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)

Bhí Pádraig Mac Piarais ina mhúinteoir Gaeilge, ina abhcóide, ina fhile, ina scríbhneoir agus ina ghníomhaí polaitiúil. Óna chéad laethanta scoile bhí an dúspéis aige i dteanga agus i gcultúr na hÉireann. Chuaigh sé isteach i gConradh na Gaeilge in 1895 agus rinneadh eagarthóir de ar a pháipéar, *An Claidheamh Soluis*. Bhí sé ina léachtóir le Gaeilge i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath.

Lena chuid idéal a chur chun cinn, chuir Mac Piarais scoil dháttheangach ar bun do bhuachaillí, Scoil Éanna i Raghnallach, Baile Átha Cliath i Meán Fómhair 1908. Bhog sé ina dhiaidh sin go suíomh níos mó i Ráth Fearnáin in 1910. Bhunaigh sé Scoil Íde chomh maith, scoil do chailíní sinsearach agus réamhscoil mheasctha i dTeach Fhiodh Cuilinn.

Bhí an Piarasach ar bhunaitheoirí na nÓglach Náisiúnta, agus ba eisean ab údar d'Fhorógra na Poblachta. Bhí sé i láthair in Ard-Oifig an Phoist le linn an Éirí Amach, agus bhí sé ina Ardcheannasaí ar na fórsaí Éireannacha. I ndiaidh sé lá de throid, d'ordaigh sé do na reibiliúnaigh géilleadh. I ndiaidh cúirt airm i mBeairic Richmond, cuireadh an Piarasach chun báis ar 3 Bealtaine 1916 i bpríosún Chill Mhaighneann.

Thug Pádraig Mac Piarais cuairt ar Chontae Dhún na nGall roinnt uaireanta idir 1906 agus 1914, leis an Ghaeilge a chur chun cinn ar son Chonradh na Gaeilge. Bhí sé fostaithe ag Conradh na Gaeilge le cur chun cinn na Gaeilge mar mheán teagaisc do mhúinteoirí a neartú agus a spreagadh. Is ar an ábhar sin a tháinig sé ar cuairt go Coláiste Uladh i nGort an Choirce.

Thug sé a chéad chuairt i Meán Fómhair 1906. Thángthas ina airicis ag stáisiún traenach an Chraoslaigh agus chuaigh sé ar aghaidh go Cnoc an Mharmair, áit chónaithe Hugh Law M.P. Ina dhiaidh sin thug sé léacht i gColáiste Uladh. Nuair a thug sé an dara cuairt ar 3 Iúil 1907 bhí sé i láthair ag athoscailt an choláiste agus rinne sé camchuairt ar Ghaeltacht Dhún na nGall.

In 1914, reáchtáladh roinnt cruinnithe leis an earcú in Óglaigh na hÉireann a mhéadú. Dé Domhnaigh, 1 Feabhra 1914, reáchtáladh cruinniú i Halla an Pharóiste, an Clochán Liath. Ba iad Pádraig Mac Piarais agus Séamas Ó Baoill, iar-Theachtaire Parlaiminte agus dlíodóir as Srath an Urláir, na príomhchainteoirí. Dúirt Mac Piarais ina óráid:

“Tugadh deis iontach d'Éireannaigh a chruthú gur fir iad, agus ní thiocfadh leo a mhaíomh gur fir iad féin mura mbeadh siad ábalta, dá mba ghá, an fód a sheasamh lena bhfearúlacht, lena dtithe cónaithe, a gcuid ban agus páistí a chosaint, lena gcearta a chosaint.”

An t-aon Chás Dlí a bhí ag an Phiarsach

Bhí Pádraig Mac Piarais ina Abhcóide ag Óstaí an Rí. Tharla an t-aon chás amháin a bhí aige nuair a sheas sé do Niall Mac Giolla Bhríde as an Chraoslach in Mac Giolla Bhríde v Mac Shamhráin in 1906. Achomharc a bhí sa chás chuig Roinn Bhinse an Rí ó Chúirt Dúiche i nGaeltacht Dhún na nGall. Tugadh cás in éadan Mhic Giolla Bhríde ar na forais go raibh ainm agus seoladh i nGaeilge agus sa chló Ghaelach ar táispeáint ar a chapall agus cairt nach raibh ag teacht le hAlt 12 den



An t-ainmchlár a bhí ag Niall Mac Giolla Bhríde
(Ard-Mhúsaem na hÉireann)



Niall Mac Giolla Bhríde
(Baillíúchán Mhúsaem Chontae Dhún na nGall)

Summary Jurisdiction (Éire) Act, 1851. Mhaígh an Piarasach ó tharla gur bhain an tAcht le Stát dátheangach mar Éirinn agus ó tharla an choir líomhnaithe i gceantar Gaeltachta gur leor an Ghaeilge. Ciontaíodh Mac Giolla Bhríde, áfach, agus gearradh fineáil air mar go ndúradh:

“Sa chás go leagann cairt Éireannach Sasanach . . . in áit ar bith sa tír, cé acu i gConamara nó in áit ar bith eile, tá de cheart ag an tSasanach ainm agus seoladh an choirpigh a bheith aige i litreacha is féidir leis a léamh, má úsáidtear litreacha Gaelacha a bhfuil seans ann nach mbeidh sé ábalta a léamh . . .” (*Mac Giolla Bhríde v. Mac Shamhráin*, 1906, 2 IR 181)

Cé gur léir gur dhíomua don Ghaeilge a bhí sa chinneadh seo, chuir sé go mór le hiarrachtaí an Ghaeilge a atógáil mar theanga oifigiúil.

Tomás Mac Donnchadha (1878 – 1916)

(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)

B'as Cloch Shiúrdáin i gContae Thiobraid Árann Tomás Mac Donnchadha. Bhí Mac Donnchadha ina mhúinteoir, ina fhile, ina dhrámadóir agus ina ghníomhaí polaitiúil. Theagasc sé Béarla agus Fraincis i scoil an Phiarsaigh, Scoil Éanna, go dtí 1910 áit a raibh sé fosta ina phríomhoide cúnta. Theagasc sé ina dhiaidh sin i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath. In 1912 phós sé Muriel Gifford, deirfiúr le Grace Gifford. Chuaigh sé isteach in Óglaigh na hÉireann i Mí na Samhna 1913 agus ó Aibreán 1915 bhí sé ina bhall fosta de BPÉ. Chuaigh sé ar Chomhairle Mhíleata BPÉ roinnt seachtainí roimh an Éirí Amach agus ba eisean an duine deireanach de na sínitheoirí. I rith an Éirí Amach bhí Mac Donnchadha ina cheannfort ar an 2ú Cathlán, Briogáid Bhaile Átha Cliath, a bhí lonnaithe i Monarcha Brioscaí Jacob. I ndiaidh géilleadh na reibiliúnach, triailleadh Mac Diarmada le cúirt airm agus cuireadh chun báis é os comhair scuad lámhaigh ar 3 Bealtaine 1916. Dhá bhliain roimh an Éirí Amach, in Aibreán 1914, thug Mac Donnchadha cuairt ar Inis Eoghain, mar gheall ar chuireadh ó Óglaigh na hÉireann. Labhair sé ag slógadh mór i gCruach Eachdhroma, Carn Domhnach, áit ar iarr sé ar fhir óga dul isteach in Óglaigh na hÉireann. Mhol sé na hÓglaigh mar gur ghluaiseacht náisiúnta a bhí iontu ina raibh fir “de gach creideamh agus gach aicme”. D’fhógair sé “go raibh sé áisiúil ag muintir na hÉireann slua oilte fear a bheith acu le tacú le cúis na hÉireann agus í a chaomhnú” (*Donegal Annual*, 1966).

Seosamh Pluincéad (1887 - 1916)



(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)

Rugadh Seosamh Pluincéad i mBaile Átha Cliath. Bhí sé ina fhile agus ina iriseoir. Bhí spéis ghníomhach ag Pluincéad in oidhreacht agus i dteanga na hÉireann. Chuaigh sé isteach mar bhall i gConradh na Gaeilge agus thosaigh a dhéanamh staidéir le Tomás Mac Donnchadha, agus mhair an bheirt ina gcairde go deireadh a saoil. Bhí sé ina eagarthóir ar an *Irish Review* agus bhí lámh aige i mbunú amharclann náisiúnta Éireannach.

Toghadh Pluincéad ar choiste shealadach Óglaigh na hÉireann in 1913 agus bhí sé ina bhall ina dhiaidh sin de BPÉ. In Aibreán 1915, chuaigh sé chun na Gearmáine le cuidiú le Ruairí Mac Easmainn airm a fháil. I gcomhar le Séamas Ó Conghaile agus Séan Mac Diarmada, bhí páirt ag Pluincéad sa straitéis mhíleata don Éirí Amach agus ba eisean an duine ab óige de shínitheoirí an Fhorógra. Throid Pluincéad in Ard-Oifig an Phoist le linn an Éirí Amach. I ndiaidh do na reibiliúnaigh géilleadh, cuireadh cúirt airm air. Phós sé Grace Gifford, deirfiúr chleamhnais le Tomás Mac Donnchadha, i bpríosún Chill Mhaighneann, an oíche sular cuireadh chun báis é. Scaoil scud lámhaigh marbh é ar 4 Bealtaine 1916.

D'fhreastail Pluincéad ar Choláiste Uladh i nGort an Choirce, Contae Dhún na nGall le Gaeilge a fhoghlaim. Casadh cailín air ansin darbh ainm Columba Ní Chearúill, iníon carad den teaghlach. Scríobh sé dánta grá di, a chlóbhuail sé ar an rud ar thug sé The Columba Press air.

Coláiste Uladh

Cloughaneely Irish College
Has a wealth of wit and knowledge,
Not to speak of health and beauty
Grace and graciousness go leor;
But among its charms entrancing
Men and Maidens, songs and dancing,
There is nothing so delightful
As yourself mo mhíle stór.

Loud the sound that hails awaking
Banbha's sons, for the dawn is breaking.
And the waves of Cloughaneely
Help to swell the Ocean roar;
But the breeze that sweeps above them
Fills their song and makes us love them,
For it's laden with the music
Of your heart mo mhíle stór.

When the moon is shining palely
On the evening of a céilí
And purple stars are peeping
Through the open College door,
There is music in the night
Of the dance, and voices laughing
But 'tis nothing like the music
Of your voice mo mhíle stór.

There are maidens without number
Filled with grace the magic slumber
Of Usheen when darkly dreaming
By the fairy Ocean shore.
But your voice's bell-branch ringing
Would have waked him with its singing,
And have sent him forth to battle
For his dreams mo mhíle stór.

Beathaisnéisí ceannairí eile in 1916 a raibh nasc acu le Dún na nGall



Pádraig agus Liam Mac Piarais i Scoil Éanna, 1914

(Le caoinchead Iarsmalann an Phiarsaigh)

Liam (Willie) Mac Piarais (1881 - 1916)

Ba é Liam Mac Piarais deartháir óg Phádraig. Ba dhealbhóir é. Rinne sé staidéar i Scoil Chathrach na hEalaíne i mBaile Átha Cliath agus i bPáras. Lena dheartháir Pádraig chuaigh sé i mbun ghnó an teaghlaigh de dhealbhóirí eaglasta agus ailtireachta nuair a fuair an t-athair bás. Rinne an comhlacht an phuilpit agus na ráillí in Ardeaglais Naomh Adhamhnán agus Naomh Colmcille i Leitir Ceanainn. I bhfoirm shnoite sa phuilpit tá na ceithre Shoiscéalaí, Íseáia fáidh, agus na Ceithre Máistrí. Taobh istigh de ráillí na haltóra tá siombailí snoite de Pháis Chríost.

Chuaigh Liam isteach in Óglaigh na hÉireann agus throid sé in Ard-Oifig an Phoist le linn Éirí Amach na Cásca. Nuair a ghéill na reibiliúnaigh, cuireadh cúirt airm air agus chuir scuad lámhaigh chun báis é ar 4 Bealtaine 1916.

Ruairí Mac Easmainn (1864 - 1916)

I gContae Átha Cliath a rugadh Ruairí Mac Easmainn. I ndiaidh dá thuismitheoirí bás a fháil thóg a uncail Eoin Mac Easmainn é cóngarach do Bhaile an Chaistil i gContae Aontrama. Ó 1895 ar aghaidh d'oibir sé mar chonsal in áiteanna éagsúla san Afraic, an Congó san áireamh, an áit ar thug Oifig Gnóthaí Eachtracha na Breataine údarás dó fiosrú agus tuairisc a thabhairt ar mhíbhainistiú na Beilge. Nocht a thuarascáil sárú córasach chearta daonna an phobail dúchais. D'oibir sé fosta in ionaid consail sa Bhrasáil. Bhí tionchar nach beag ag a thuarascáil ar shárú cearta daonna i bPeiriú agus fuair Mac Easmainn aitheantas idirnáisiúnta mar dhaonnúlach.



(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)

D'fhág sé an tseirbhís chonsalach thart fá 1911 agus is cosúil gur chaill sé dóchas in Impireacht na Breataine. Nuair a bunaíodh Óglaigh na hÉireann i Samhain 1913, rinneadh ball den choiste shealadach de. Nuair a bhris an Cogadh amach i Lúnasa 1914, dar leis go dtiocfadh leis an Ghearmáin a bheith ina comhghuaillí ag Éirinn. Thug Mac Easmainn cuairt ar Bheirlín agus trí iarratas aige: airm, oifigh Ghearmánacha a bheith i gceannas ar éirí amach in Éirinn agus bunú briogáid Éireannach ina mbeadh saighdiúirí Éireannacha in Arm na Breataine a bhí san am sin ina bpríosúnaigh cogaidh sa Ghearmáin. Níor gheall na Gearmánaigh ach méid beag arm agus ní raibh ach fíorbheagán de na príosúnaigh cogaidh a bhí toilteanach dul isteach sa bhriogáid Éireannach. Gabhadh Mac Easmainn ar Thrá na Beannaí i gContae Chiarraí Aoine an Chéasta 1916, nuair a theip ar an iarracht airm a thabhairt i dtír ón Aud. Tugadh go Túr London é agus triailleadh as ardtréas é ag an Old Bailey. Crochadh Mac Easmainn i bpríosún Pentonville ar 3 Lúnasa 1916.

Mac Easmainn i nDún na nGall

Bhí Ruairí Mac Easmainn tiomanta d'athbheochan na Gaeilge. Idir 1904 agus 1906 chaith sé go leor dá chuid ama in Éirinn, cuid de sin ar chuairteanna ar Dhún na nGall an áit ar fhoghlaim sé Gaeilge agus thug sé cuairt ar go leor áiteanna sa chontae mar shampla, Fánaid, Port an tSalainn, Toraigh, Cloich Chionnaola agus na Gleannta. I bhFánaid dó, thug sé cuairt ar John Clinton Ó Buaigh, múinteoir scoile i bPort an tSalainn, agus rinne comhfhreagras leis. I litir shínithe chuig Ó Buaigh,



Ruairí Mac Easmainn ar Thoraigh, c.1906
(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.)

dar dáta 8 Aibreán 1905, ó sheoladh i Londain, tugann sé buíochas dó as seo a chur chuige “an páipéar ar a bhfuil an bás Gaeilge i nDún Fionnachaidh. Tá súil agam go gcuirfidh na cairteacha uilig i dTír Chonaill a n-ainmneacha i nGaeilge.” Scríobh sé, “Beannacht Dé ar achan duine i dTír Chonaill ghlas – tá súil agam agus guím go dtroidfidh sibh agus go ndéanfaidh sibh bhur ndícheall ar son na seanteanga agus nach stadfaidh sibh go gcluinfidh sibh í ag teacht ar ais go cnoc, páirc agus gleann – teallach agus Eaglais chomh maith. Is iad na páistí atá muid ag iarraidh í a dhéanamh láidir.”

D’fhreastail Mac Easmainn ar Choláiste Uladh i nGort an Choirce. Thug sé £100 le halla an choláiste a thógail. Ag druidim fhoirmeálta sheisiún 1916 Choláiste Uladh, labhair Úna Ní Fhaircheallaigh leis an chruinniú;

“Is iomaí rud a tharla ón ócáid bhliantúil dheireanach. Chonaic muid a lán bróin. . . Chaill muid fosta duine dár gcairde is gile agus is féile a chuidigh linn, nuair a d’éag Ruairí Mac Easmainn. Ach ab é eisean ní bheadh an halla seo againn le teacht le chéile ann anocht. . . Guimis ar son anamacha na gcairde seo atá ar shlí na fírinne; agus an bhliain seo chugainn tá súil agam sa halla seo go mbeidh dealbh bheag nó dealbh bhrád againn de Ruairí Mac Easmainn, ar a bhfuil inscríbhinn chuí, le go mbeidh na glúnta de scoláirí Gaeilge sa toadhchaf ag tabhairt urraime agus ómóis do chuimhne duine a raibh cúis na teanga dlúth dá chroí, agus a rinne a oiread sin leis an teanga a chur chun cinn” (*Derry Journal*, Deireadh Fómhair 1916).



Ruairí Mac Easmainn ar Thoraigh, 1912
(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.)